Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith ??

2024/1104

18.4.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1104 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Aibreán 2024**

**maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall, madraí, cat agus coiníní**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le húdarú na hullmhóide *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall, madraí, cat agus coiníní, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta'.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 23 Márta 2023 ([2]) go bhfuil an ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 sábháilte don spriocspeiceas, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl é an breiseán ach, i bhfianaise nádúr próitéineach an ghníomhaire ghníomhaigh, gur cheart a mheas gur íogróir riospráide é. Níorbh fhéidir teacht ar chonclúid maidir le hacmhainneacht an bhreiseáin a bheith ina íogróir craicinn. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhféadfaí pH na n-ábhar beatha sin a laghdú trí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 a ionchorprú ag íostiúchan 8,0 × $10^{10}$ CFU/kg isteach i dtáirgí a dhíorthaítear ó choirce (ca. cion taise 55 %), táirgí a dhíorthaítear ó mheacain dhearga (tais ≥ 90 %) agus táirgí a dhíorthaítear ó fheoil cnó cócó (tais ≥ 90 %). D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(5) Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú ar *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 go meastar gur bia-ainmhithe coiníní, i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún ([3]). Sa 169ú Cruinniú iomlánach den Phainéal Eolaíoch maidir le Breiseáin agus Táirgí nó Substaintí a úsáidtear i mBeatha Ainmhithe ([4]), dúirt an Painéal go meastar go bhfuil an breiseán sábháilte do thomhaltóirí na gcoiníní a bheathaítear leis an mbreiseán, ós rud é gur tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 23 Márta 2023 gur cháiligh *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 le haghaidh an chur chuige Toimhde Cháilithe Sábháilteachta ('QPS').

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(4):7974.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/2021-03-27).
([4]) Tá miontuairiscí an chruinnithe le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.efsa.europa.eu/en/events/169th-plenary-meeting-feedap-panel.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú**

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: rialtáin aigéadachta** | | | | | | | | |
| 1j002 | *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520 ina bhfuil íoschion 1,3 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br>Foirm sholadach<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520<br><br>***Modh anailíse*** (1)<br>Áireamh sa bhreiseán beathaithe *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520:<br>— Modh an leata ar phláta (nó modh an doirte ar phláta) ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11520:<br>— Modhanna seicheamhaithe DNA nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 | Capaill<br>Madraí<br>Cait<br>Coiníní | — | 8,0 × $10^{10}$ | — | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, ba cheart an méid seo a leanas a shonrú:<br>'Úsáidfear go heisiach é sna táirgí seo a leanas:<br>— táirgí a dhíorthaítear ó choirce (cion taise ≥ 55 %)<br>— táirgí a dhíorthaítear ó mheacain dhearga (cion taise ≥ 90 %)<br>— táirgí a dhíorthaítear ó fheoil cnó cócó (cion taise ≥ 90 %).' | an 8 Bealtaine 2034 |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1104/oj

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: rialtáin aigéadachta** | | | | | | | | |
| | | | | | | | 3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.